Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 8 Deireadh Fómhair 2020
(OR. en)

6230/20
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2017/0332(COD)**

ENV 95
SAN 55
CONSOM 31
CODEC 127

**DRÉACHT-RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn go nglacfaí TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le cáilíocht an uisce atá ceaptha le hól ag an duine (athmhúnlú)<br>– Dréachtráiteas ar chúiseanna na Comhairle |

# I. <u>RÉAMHRÁ</u>

1. An 1 Feabhra 2018, thíolaic an Coimisiún a thogra athmhúnlaithe le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cáilíocht an uisce atá ceaptha le hól ag an duine[1], an Treoir maidir le hUisce Óil, mar a thugtar uirthi.

2. Ag an gcruinniú a bhí aici an 5 Márta 2019, tháinig an Chomhairle ar chomhaontú maidir lena cur chuige ginearálta[2], lena dtugtar sainordú don Uachtaránacht dul i mbun caibidlíochta le Parlaimint na hEorpa.

3. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 28 Márta 2019[3]. Sa tuarascáil, bhí 160 leasú ar an togra ón gCoimisiún.

4. Tionóladh cúig cinn de chruinnithe tríthaobhacha an 7 Deireadh Fómhair, an 22 Deireadh Fómhair, an 19 Samhain, an 3 Nollaig agus an 18 Nollaig 2019. Mhol an Uachtaránacht sainorduithe athbhreithnithe do Coreper ag na cruinnithe a bhí aici an 15 Samhain, an 27 Samhain agus an 18 Nollaig 2019. I dteannta leis na cruinnithe tríthaobhacha polaitiúla, tionóladh freisin go leor cruinnithe tríthaobhacha teicniúla.

5. An 5 Feabhra 2020, rinne Coiste na mBuanionadaithe anailís ar an téacs d'fhonn teacht ar chomhaontú agus d'fhormhuinigh sé an comhréiteach deiridh a d'eascair as na cruinnithe tríthaobhacha[4]. Rinneadh athuimhriú ar fhorálacha an téacs fhormhuinithe agus dáileadh é mar iarscríbhinn a bhí ag gabháil le 6060/1/20 REV 1.

---

[1] 5846/18 + ADD 1 go ADD 5.
[2] 6876/1/19 REV 1.
[3] 7750/19.
[4] 5813/20.

6. An 18 Feabhra 2020, d'fhormhuinigh Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (ENVI) Pharlaimint na hEorpa an téacs. Ina dhiaidh sin, an lá céanna, chuir Cathaoirleach Choiste ENVI litir chuig Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe inar léirigh sé go raibh sé chun moladh do Choiste ENVI agus don Chruinniú Iomlánach, go ndéanfaí an seasamh ón gComhairle a ghlacadh gan aon leasú, faoi réir a fhíoraithe ag na dlítheangeolaithe.

7. Dhaingnigh an Chomhairle an comhaontú polaitiúil an 5 Márta 2020[5].

8. Agus í i mbun a cuid oibre, chuir an Chomhairle tuairim Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, a glacadh an 11 Iúil 2018,[6] agus tuairim Choiste na Réigiún, a glacadh an 16 Bealtaine 2018[7], san áireamh.

## II. CUSPÓIR

9. Is é cuspóir uileghabhálach an togra athmhúnlaithe ardleibhéal cosanta a áirithiú don chomhshaol agus do shláinte an duine ar  dhrochéifeachtaíuisce óil éillithe. Is é is aidhm freisin leis an athbhreithniú atá ar siúl faoi láthair aghaidh a thabhairt ar an gcéad tionscnamh Eorpach rathúil ó na saoránaigh riamh, dar teideal 'Right2Water'[8].

10. Ag eascairt as an gcomhairliúchán poiblí a rinneadh ó cheann ceann an Aontais agus an Mheastóireacht um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála (REFIT) a rinneadh ar Threoir 98/83/CE[9], ba léir go bhféadfadh ceithre réimse den Treoir maidir le hUisce Óil a bheith i bhfad níos fearr. Chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh, tugann an togra athmhúnlaithe na caighdeáin maidir le cáilíocht uisce cothrom le dáta, tugann sé cur chuige rioscabhunaithe isteach maidir le faireachán uisce a dhéanamh, cuireann sé feabhas ar an bhfaisnéis maidir le cáilíocht uisce a chuirtear ar fáil do thomhaltóirí agus cuireann sé feabhas ar rochtain ar uisce. Ina theannta sin, leagtar amach sa togra íoscheanglais sláintíochta le haghaidh na n-ábhar a bhíonn i dteagmháil le huisce óil.

---

[5] 6060/1/20 REV 1.
[6] NAT/733-EESC-2018-01285.
[7] CDR 924/2018.
[8] COM(2014) 177 final.
[9] SWD(2016) 428 final.

## III. ANAILÍS AR AN SEASAMH ÓN GCOMHAIRLE AR AN GCÉAD LÉAMH

### A) Nóta ginearálta

11. Ar bhonn an togra ón gCoimisiún, rinne Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle caibidlíocht d'fhonn teacht ar chomhaontú ag céim an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh. Léirítear go hiomlán le téacs an dréachtseasaimh ón gComhairle an comhréiteach ar thángthas air idir an dá chomhreachtóir.

### B) Na príomh-shaincheisteanna beartais

11. Sa chomhaontú ar ar thángthas ag an gcruinniú tríthaobhach an 18 Nollaig 2019 tá na príomhghnéithe beartais seo a leanas, gnéithe a léirítear sa seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh:

Rochtain ar uisce

12. Mar fhreagairt ar an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh 'Right2Water', chuir an Coimisiún forálacha maidir le rochtain ar uisce isteach sa togra athmhúnlaithe. Is saincheist lena a mbaineann an-tábhacht go deo í an rochtain ar uisce, dar leis na comhreachtóirí. Leis an gcomhaontú ar ar thángthas, cuirtear cuspóir sa bhreis leis an Treoir maidir le hUisce Óil. Luaitear in Airteagal 1 anois go bhfuil dhá phríomhchuspóir ag an Treoir: (1) sláinte an duine a chosaint ar na drochéifeachtaí a ghabhann le héilliú aon uisce atá ceaptha le hól ag an duine agus (2) an rochtain ar an uisce sin a fheabhsú.

13. Ina theannta sin, bunaítear le mír 1 d'Airteagal 16 go bhfuil na Ballstáit faoi cheangal na bearta is gá a dhéanamh chun an rochtain atá ag cách ar uisce a fheabhsú, go háirithe grúpaí leochaileacha agus imeallaithe, mar a shainíonn na Ballstáit iad. Foráiltear i mír 2 do roinnt beart chun úsáid uisce buacaire a chur chun cinn ach níl sé éigeantach ach trealamh amuigh faoin aer nó laistigh a chur ar bun agus a chóiriú do chásanna ina bhfuil sé indéanta go teicniúil, ar bhealach atá comhréireach agus dálaí áitiúla sonracha á gcur san áireamh, amhail an aeráid agus an tíreolaíocht. Is bearta roghnacha na bearta eile. Beidh ar na Ballstáit soláthar uisce buacaire a chur chun cinn i riaracháin agus i bhfoirgnimh phoiblí, freisin. Ar deireadh, luaitear i mír 3 d'Airteagal 16 go n-éascófar cúnamh do phobail áitiúla, ach fágtar an cinneadh faoi chineál an chúnaimh sin faoi na Ballstáit.

<u>Cur chuige rioscabhunaithe</u>

14. Ar cheann de phríomhchuspóirí an togra athmhúnlaithe tá cur chuige rioscabhunaithe a bhunú maidir le bainistiú uisce. Ba é tuairim na gcomhreachtóirí, áfach, gur léiríodh gné an bhainistithe riosca ar bhealach measartha lag sa togra ón gCoimisiún. Is é is aidhm leis na modhnuithe iomadúla ar Airteagail 7, 8 agus 9 agus ar na haithrisí agus ar na sainmhínithe comhfhreagracha, a cuireadh chun cinn sa seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, neart a chur leis an gcur chuige rioscabhunaithe agus, bunaithe ar chur chuige Phlean Sábháilteachta Uisce na hEagraíochta Domhanda Sláinte, a chuid gnéithe a shainaithint agus a shainiú go soiléir.

15. Ba cheart nach sainaithint rioscaí amháin a bheadh sa chur chuige rioscabhunaithe ach bainistiú na rioscaí sin chomh maith, go háirithe trí bhearta a chur chun feidhme chun iad a chosc nó a mhaolú. Ní cuspóir ann féin é an faireachán ach ba cheart go mbeadh sé ina chuid den chóras bainistíochta agus ina ionstraim chun comhlíonadh a sheiceáil. Ar an iomlán, féachtar, leis na hathruithe ar na hairteagail sin a chuir na comhreachtóirí chun tosaigh, le córas comhtháite bainistíochta cáilíochta a cheapadh le haghaidh an tslabhra soláthair uisce óil ina iomláine, is é sin, an dobharcheantar, an astarraingt, an chóireáil agus an dáileadh ag pointe na comhlíontachta, i.e. ón bhfoinse go dtí an buacaire.

16. Tugadh aird freisin ar an nasc idir an Treoir maidir le hUisce Óil agus an Chreat-treoir Uisce a threisiú agus an teanga a úsáidtear sa dá reachtaíocht a ailíniú. Tá sé tábhachtach go gcomhlánóidh forálacha an dá threoir sin a chéile gan forluí.

Ábhair a bhíonn i dteagmháil le huisce

17. Le hAirteagal 10 den Treoir maidir le hUisce Óil atá ann faoi láthair, ceanglaítear ar na Ballstáit sláinte an duine a chosaint maidir le substaintí agus ábhair a bhíonn i dteagmháil le huisce atá ceaptha le hól ag an duine, ach fágann sé dá rogha féin an ceanglas sin a chur chun feidhme. Aithníodh an easpa aitheantais fhrithpháirtigh maidir le córais formheasa náisiúnta na mBallstát do tháirgí a bhíonn i dteagmháil le huisce óil mar cheann de na heasnaimh thábhachtacha sa treoir atá ann faoi láthair le linn a meastóireachta. Faoin gcóras reatha, ní mór do tháirgí dul faoi nósanna imeachta tástála atá éagsúil ó Bhallstát go Ballstát sula gcuirtear ar an margadh iad. Aithníodh na nósanna imeachta tástála náisiúnta sin mar ualach riaracháin agus mar bhac ar an margadh inmheánach, agus bhí costais shuntasacha ar an tionsclaíocht mar gheall orthu.

18. Leis an athmhúnlú ón gCoimisiún, beartaíodh modhanna tástála a chomhchuibhiú do tháirgí a bhíonn i dteagmháil le huisce óil trí chaighdeánú faoi chuimsiú an Rialacháin maidir le Táirgí Foirgníochta. Le sainordú maidir le caighdeánú, a bheidh le heisiúint faoin Rialachán maidir le Táirgí Foirgníochta, shaineofaí sonraíochtaí teicniúla agus modhanna chun a thástáil cibé an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann táirgí a bhíonn i dteagmháil le huisce óil ceanglais sláinteachais agus sábháilteachta.

19. Ba é tuairim na gcomhreachtóirí go bhfuil an Rialachán maidir le Táirgí Foirgníochta ceaptha chun tástáil agus dearbhú feidhmíochta a chomhchuibhiú, ach nach bhfuil sé oiriúnach chun saincheisteanna a bhaineann leis an tsláinte a choimirciú. Ina theannta sin, ní chumhdaítear gach táirge ó fhoinse go buacaire le cur chuige an Rialacháin maidir le Táirgí Foirgníochta. Dá bhrí sin, leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, cuirtear forálacha nua isteach sa Treoir seo, Airteagail 11 agus 12, chun ceanglais sláinteachais a leagan síos. Bunófar an creat foriomlán trí ghníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe lena leagfar síos na nithe seo a leanas:
    - liostaí dearfacha Eorpacha de shubstaintí tosaithe nó comhdhéanaimh a údaraítear le húsáid agus ábhair á monarú,
    - modheolaíochtaí comhchoiteanna chun substaintí nó comhdhéanaimh den chineál sin a thástáil agus chun glacadh leo,

- nósanna imeachta agus modhanna chun ábhair ina bhfoirm dheiridh a thástáil agus chun glacadh leo,
- an nós imeachta i gcomhair iarratais ar shubstaintí tosaithe agus comhdhéanaimh a chur ar na liostaí dearfacha Eorpacha nó ar iad a bhaint de na liostaí sin,
- nósanna imeachta um measúnú comhréireachta,
- marcáil i gcomhair táirgí a bhíonn i dteagmháil le huisce óil lena gcuirtear in iúl go gcomhlíonann siad an treoir seo.

20. Déanfaidh an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA) an chéad liosta dearfach Eorpach tiomsaithe a mholadh don Choimisiún. Sa bhreis air sin, déanfaidh ECHA athbhreithniú ar na substaintí, na comhdhéanaimh agus na comhábhair uile atá sna liostaí dearfacha Eorpacha agus tabharfaidh sé tuairim uaidh maidir leo faoi 15 bliana tar éis a ghlactha. Laistigh de naoi mbliana tar éis theacht i bhfeidhm na treorach seo, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar fheidhmiú an chórais agus cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid na Parlaiminte agus na Comhairle.

Maoluithe

21. Cé gur foráladh leis an Treoir reatha maidir le hUisce Óil go bhféadfadh na Ballstáit cur isteach ar mhaoluithe faoi choinníollacha áirithe, ní raibh maoluithe sa togra athmhúnlaithe ón gCoimisiún, ós rud é go bhfuil an reachtaíocht sin i bhfeidhm le 20 bliain anuas agus nach bhfuil ach líon an-bheag maoluithe fós ar siúl. Chinn na comhreachtóirí, áfach, maoluithe a thabhairt isteach arís ach iad a theorannú do dhobharcheantair nua, d'fhoinsí nua truaillithe agus do pharaiméadair nua. Ina theannta sin, tugadh isteach foráil chun cead a thabhairt do na Ballstáit maolú a dheonú i gcás staid eisceachtúil gan choinne i ndobharcheantar atá ann cheana agus a bhféadfadh sárú sealadach ar luachanna paraiméadracha a bheith mar thoradh uirthi. Ní fhéadfar an cineál maolaithe deiridh sin a athnuachan.

Sceitheadh

22. Bhí an tsaincheist maidir le sceitheadh in easnamh freisin ón togra athmhúnlaithe ón gCoimisiún. Le linn na caibidlíochta tríthaobhaí, áfach, ba léir gur cheart aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb sin sa Treoir maidir le hUisce Óil freisin. Dá bhrí sin, tugtar isteach leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh foráil nua faoi Airteagal 4, lena gceanglaítear ar na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar an leibhéal sceite uisce ina gcríoch laistigh de thrí bliana agus na torthaí sin a chur in iúl don Choimisiún. Tá an measúnú ar an leibhéal sceite le déanamh trí leas a bhaint as an innéacs sceite bonneagair nó modh iomchuí eile.

23. Ar bhonn na measúnuithe ó na Ballstáit, beidh cúig bliana ag an gCoimisiún chun meánluach tairsí a bhunú, trí ghníomh tarmligthe, le haghaidh sceite agus, laistigh de dhá bhliain tar éis ghlacadh an ghnímh tharmligthe sin, ceanglófar ar na Ballstáit a bhfuil ráta sceite os cionn na meántairsí cinntithe acu plean gníomhaíochta a fhorbairt chun a ráta sceite a laghdú.

Paraiméadair, luachanna paraiméadracha agus liosta faire

24. Chomhaontaigh na comhreachtóirí caighdeáin cháilíochta a thabhairt cothrom le dáta bunaithe ar mholtaí ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, eadhon an t-eolas eolaíoch atá ann cheana agus prionsabal an réamhchúraim a leanúint.

25. I gcás paraiméadair áirithe, beidh cur chuige níos déine fós i bhfeidhm sa Treoir maidir le hUisce Óil. Is amhlaidh atá i gcás Luaidhe, áit ar mhol an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte an luach paraiméadrach reatha de 10 µg/l a choinneáil; sa seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, áfach, leagtar amach an luach paraiméadrach do luaidhe ag 5 µg/l ach beidh idirthréimhse 15 bliana ag na Ballstáit chun an luach sin a bhaint amach. Ina theannta sin, ardmhian a bheidh sa luach 5 µg/l i gcónaí i ndáil le córais dáileacháin baile, ós rud é nach mbíonn an t-údarás riachtanach ag na Ballstáit i gcónaí chun athsholáthar píopaí luaidhe i dtithe agus i bhfoirgnimh phríobháideacha a fhorchur. Mar sin féin, i gcás gach ábhair nua a bhíonn i dteagmháil le huisce óil beidh an luach 5 µg/l i bhfeidhm ó dháta theacht i bhfeidhm na treorach seo.

26. Chun aghaidh a thabhairt ar an méadú ar imní an phobail faoin tionchar atá ag comhdhúile atá ag teacht chun cinn, amhail suaiteoirí inchríneacha, cógais agus micreaphlaistigh, chomhaontaigh na comhreachtóirí sásra liosta faire a chur leis an Treoir maidir le hUisce Óil. Le hAirteagal 13, cuirtear ar bun sásra liosta faire a chuirfidh ar chumas na mBallstát freagairt, ar bhealach dinimiciúil solúbtha, ar na hábhair imní sin.

27. Maidir le suaiteoirí inchríneacha, áireofar dhá chomhdhúil ionadaíocha, naoinilfeanól agus béite éastraidé-ól, ar an liosta faire. Cuirfear suaiteoir inchríneach eile, bisfeanól-A, i gCuid B d'Iarscríbhinn I, a mbeidh luach sláintebhunaithe aige arb ionann é agus 2,5 µg/l agus tugtar de chumhacht don Choimisiún a luach paraiméadrach a leasú trí ghníomh tarmligthe. Chomh maith leis sin, trí ghníomh tarmligthe, laistigh de sprioc-am trí bliana, glacfaidh an Coimisiún modheolaíocht chun micreaphlaistigh a thomhas d'fhonn iad a chur ar an liosta faire.

28. Beidh sé de cheangal ar na Ballstáit freisin faireachán a dhéanamh ar shubstaintí sárfhluarailcile agus polafluarailcile (PFAS). Leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, iarrtar ar an gCoimisiún treoirlínte teicniúla a fhorbairt chun faireachán a dhéanamh ar na substaintí sin laistigh de thrí bliana. Nuair a bheidh na treoirlínte teicniúla forbartha ag an gCoimisiún, beidh na Ballstáit in ann rogha a dhéanamh idir dhá mhodh chun PFAS a thomhas: PFAS iomlán ag a bhfuil luach paraiméadrach 0.50 µg/l agus suim PFAS ag a bhfuil luach paraiméadrach 0.10 µg/l, ag tagairt don 20 substaint a liostaítear i gCuid B d'Iarscríbhinn III.

29. Ar deireadh, i ndáil le faireachán, chomhaontaigh na comhreachtóirí paraiméadair tháscacha a thabhairt isteach arís san fhaireachán a bheidh le déanamh ag na Ballstáit. Tá siad sin sa Treoir reatha maidir le hUisce Óil ach scrios an Coimisiún iad ina thogra athmhúnlaithe.

Saincheisteanna tábhachtacha eile

30. Leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, tugtar aghaidh freisin ar shaincheisteanna tábhachtacha eile ar tháinig ionadaithe na Comhairle agus Pharlaimint na hEorpa ar chomhaontú ina leith sa chaibidlíocht thríthaobhach.

*Trédhearcacht agus Rochtain ar Fhaisnéis*

31. Chun úsáid uisce buacaire a mhéadú agus, ar an gcaoi sin, cur le laghdú ar bhruscar plaisteach agus ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, ba cheart faisnéis atá cothrom le dáta a bheith ag an bpobal faoi cháilíocht an uisce a chaitheann siad. Chomhaontaigh na comhreachtóirí go mba cheart an fhaisnéis sin a bheith ar fáil ar líne do thomhaltóirí ar bhealach atá furasta a úsáid agus saincheaptha. Beidh rochtain ag saoránaigh ar thorthaí na gclár faireacháin, faisnéis maidir leis na cineálacha cóireála uisce agus dífhabhtaithe a chuirtear i bhfeidhm, faisnéis faoi shárú na luachanna paraiméadracha is ábhartha do shláinte an duine, faisnéis ábhartha faoi mheasúnú riosca agus bainistiú riosca ar an gcóras soláthair, comhairle faoin gcaoi a laghdaítear tomhaltas uisce agus a seachnaítear rioscaí sláinte de dheasca bodharuisce, ach freisin faisnéis bhreise a d'fhéadfadh a bheith úsáideach don phobal, faisnéis faoi tháscairí amhail iarann, cruas, agus mianraí, etc., a mbíonn tionchar acu go minic ar an dearcadh a bhíonn ag tomhaltóirí ar uisce buacaire. Ina theannta sin, mar fhreagairt ar leasanna tomhaltóirí maidir le saincheisteanna uisce, ba cheart rochtain a thabhairt dóibh, arna hiarraidh sin, ar shonraí stairiúla atá ar fáil faoi thorthaí faireacháin agus faoi sháruithe ar luachanna paraiméadracha.

*Rochtain ar an gceartas*

32. Leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, tagraítear do rochtain ar cheartas in aithris nua (Aithris 47) mar atá i reachtaíocht eile an Aontais a rinneadh le déanaí maidir le cúrsaí comhshaoil. Is léiriú é seo ar an gcás gur páirtithe iad na Ballstáit go léir i gCoinbhinsiún Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil, ar a dtugtar Coinbhinsiún Aarhus de ghnáth. Ós rud é go bhfuil córais náisiúnta dhea-fheidhmiúla i bhfeidhm ag na Ballstáit uile chun rochtain ar cheartas i gcúrsaí comhshaoil a áirithiú, d'aontaigh na comhreachtóirí nach raibh sé riachtanach oibleagáidí sonracha maidir le rochtain ar cheartas a leagan síos sa chuid oibríochtúil den Treoir maidir le hUisce Óil.

33. Le hAithris (47) maidir le rochtain ar cheartas, meabhraítear freisin go maíonn an Coimisiún sa Teachtaireacht uaidh an 11 Nollaig 2019 maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip go ndéanfadh sé a mharana maidir le Rialachán Aarhus a athbhreithniú chun an rochtain ar athbhreithniú riaracháin agus breithiúnach ar leibhéal an Aontais a fheabhsú do shaoránaigh agus d'eagraíochtaí neamhrialtasacha a bhfuil imní orthu faoi dhlíthiúlacht cinntí a mbíonn éifeacht acu ar an gcomhshaol. Anuas air sin, aithníonn na comhreachtóirí go bhfuil sé tábhachtach go ngníomhódh an Coimisiún chun feabhas a chur ar an rochtain a bhíonn ag saoránaigh agus eagraíochtaí neamhrialtasacha ar an gceartas os comhair na gcúirteanna náisiúnta sna Ballstáit.

*Meastóireacht agus athbhreithniú*

34. Foráiltear i míreanna 1 agus 2 d'Airteagal 19 nach mór don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an Treoir maidir le hUisce Óil laistigh de 12 bhliain tar éis dháta a trasuite agus sonraítear, ina theannta sin, na heilimintí ar ar féidir an mheastóireacht sin a bhunú. Chomh maith leis sin, leagtar síos i mír 3 nach mór don Choimisiún, laistigh de shé bliana, tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir leis an mbagairt a d'fhéadfadh a bheith ann d'fhoinsí uisce atá ceaptha le hól ag an duine, ar féidir le micreaphlaistigh, cógais agus éilleáin eile arb ann dóibh den chéad uair, ar ábhar imní iad, a bheith ina gcúis leo.

35. Le hAirteagal 20, déantar foráil go ndéanfaidh an Coimisiún athbhreithniú, gach cúig bliana ar a laghad, ar Iarscríbhinní I agus II i bhfianaise an dul chun cinn eolaíoch agus theicniúil agus i bhfianaise chur chuige rioscabhunaithe na mBallstát maidir le sábháilteacht uisce.

## IV. <u>CONCLÚID</u>

36. Leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh i ndáil leis an Treoir maidir le hUisce Óil, léirítear an comhréiteach a baineadh amach le linn na caibidlíochta idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa, agus a rinne an Coimisiún a éascú. Ach a nglacfar iad, tabharfaidh na modhnuithe atá beartaithe ar an Treoir reatha maidir le hUisce Óil aghaidh ar na heasnaimh ar fad a sainaithníodh ina Meastóireacht REFIT agus méadóidh siad go mór an leibhéal cosanta don chomhshaol agus do shláinte an duine ar dhrochéifeachtaí uisce óil éillithe.